**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2203 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 11 Samhain 2022**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 a mhéid a bhaineann le hinfheidhmeacht na gceanglas chun aerárthach atá i nguais a aimsiú**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ([1]) ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 31 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh Caighdeán ICAO 6.18.1 a ionchorprú i bpointe CAT.GEN.MPA.210 d'Iarscríbhinn IV (Cuid-CAT) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ([2]) ón gCoimisiún, lena gceanglaítear eitleáin áirithe a bheith feistithe le modhanna daingne agus uathoibríocha chun suíomh an phointe deiridh na heitilte a dheimhniú go cruinn i ndiaidh tionóisce ina ndearnadh damáiste tromchúiseach don eitleán.

(2) Ghlac Comhairle ICAO Leasú 48 ar ICAO Iarscríbhinn 6, Cuid I ag an 16ú Cruinniú dá 226ú Seisiún an 18 Iúil 2022. Leis an leasú sin, cuirtear ar atráth dáta infheidhmeachta Chaighdeán ICAO 6.18.1 go dtí an 1 Eanáir 2025 agus cuirtear srian lena infheidhmeacht maidir le heitleáin ar eisíodh Deimhniú Aeracmhainneachta (CofA) aonair dóibh den chéad uair an 1 Eanáir 2024 nó ina dhiaidh sin.

(3) Leis an leasú sin tá sé beartaithe (i) aghaidh a thabhairt ar na moilleanna suntasacha, moilleanna iad a bhíonn ar gach monaróir aerárthaí lena mbaineann ar fud an domhain, ar eitleáin a fheistiú leis an trealamh is gá, agus ar an mbonneagar cumarsáide is gá a chur ar bun idir na páirtithe leasmhara ábhartha go léir (lena n-áirítear soláthraithe seirbhísí aerthráchta (ATS) agus lárionaid chomhordaithe tarrthála (RCCanna)), agus (ii) níos mó ama a thabhairt do RCCanna agus d'aonaid seirbhísí aerthráchta chun a nósanna imeachta a ullmhú agus a oiriúnú.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 a leasú dá réir sin.

(5) D'ullmhaigh Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh dréachtrialacha cur chun feidhme agus chuir sí faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh iad i dTuairim Uimh. 5/2022 i gcomhréir le hAirteagal 76(1) de Rialachán (AE) 2018/1139.

(6) Tá na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste maidir le rialacha comhchoiteanna sábháilteachta a chur i bhfeidhm i réimse na heitlíochta sibhialta arna mbunú le hAirteagal 127 de Rialachán (AE) 2018/1139,

([1]) IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 296, 25.10.2012, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe CAT.GEN.MPA.210 d'Iarscríbhinn IV (Cuid-CAT) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún:

"CAT.GEN.MPA.210 Suíomh aerárthaigh atá i nguais — Eitleáin

Ón 1 Eanáir 2025, déanfar na heitleáin seo a leanas a fheistiú le modhanna daingne agus uathoibríocha chun suíomh an phointe deiridh eitilte a dheimhniú go cruinn i ndiaidh tionóisce ina ndéantar damáiste tromchúiseach don eitleán:

(a) gach eitleán ag a bhfuil MCTOM níos mó ná 27 000 kg, ag a bhfuil MOPSC níos mó ná 19 agus ar eisíodh a CofA aonair den chéad uair an 1 Eanáir 2024 nó ina dhiaidh sin; agus

(b) gach eitleán ag a bhfuil MCTOM níos mó ná 45 500 kg agus ar eisíodh a CofA aonair den chéad uair an 1 Eanáir 2024 nó ina dhiaidh sin;"

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Samhain 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN